
# MATA - ÁR SAOL A DHÍCHÓDÚ




## DNA - CÓD NA BEATHA

Is móilín an - fhada é DNA a fhaightear taobh istigh de cheallanna gach ruda beo. Iompraíonn sé cód speisialta a insíonn dár gcoirp conas fás agus obair. Tá cuma air atá cosúil le dréimire casta. Tugaimid **héilics dúbailte** air seo.

Tá céimeanna an dréimire seo déanta suas de cheithre mhóilín éagsúla dá ngairtear C, G, A, agus T. Déanann na litreacha seo beirteanna ar bhealach ar leith - déanann C i gcónaí beirteanna le G, agus déanann A i gcónaí beirteanna le T.




**Déantar éagsúlacht gach ruda bheo a chódú le comhcheangail éagsúla de na ceithre mhóilín shimplí seo as a bhfuil an DNA déanta.**

## BARRACHÓID

**Tá barrachóid in úsáid le 50 bliain anuas i mbliana agus tá siad i ngach áit!**

Is é atá i mbarrachód sraith phriontáilte de bharraí comhthreomhara nó línte de leithead éagsúla a dhéanann faisnéis a chódú . Déantar iad a scanadh le léasar atá ceangailte le ríomhaire agus is féidir leis an ríomhaire an fhaisnéis a dhíchódú.

De ghnáth, is ionann leithead na línte dubha agus na huimhreacha 0 nó 1, agus is ionann seicheamh na línte sin agus uimhir idir 0 agus 9. Is féidir na billiúin comhcheangal éagsúil a dhéanamh! Tá barrachód uathúil ag gach cineál táirge.

## CÓID QR

Is leagan 2T de bharrachód é cód QR. Is féidir leis i bhfad níos mó eolais a stóráil ná barrachód. Cumadh sa tSeapáin iad, 30 bliain ó shin i mbliana. Féach ar ár gcód QR le haghaidh tuilleadh eolais agus gníomhaíochtaí faoi chóid.


MATA DO CHÁCH
Seachtain Mhata na hÉireann

12-20 Deireadh Fómhair 2024
#IUseMaths
#MathsWeek2024

Cláraigh anois ar mathsweek.ie

Arna chomhordú ag
CALMAST
SETU Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt / South East Technological University

Le tacaíocht ó
Taighde Éireann / Research Ireland
Business in the Community – The Responsible Business Network Northern Ireland
An Roinn Oideachais / Department of Education